# COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE

# TAISTEAL GNÍOMHACH AGUS IOMPAR INBHUANAITHE

DEIREADH FÓMHAIR 2025




Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

***Fáilte chuig an gcéad eagrán de nuachtlitir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le Taisteal Gníomhach agus Iompar Inbhuanaithe. As seo amach, cuirfear an nuacht is déanta ar fáil go rialta duit sa nuachtlitir seo faoi thionscadail a bheidh á bhforbairt ar fud na cathrach mar chuid de mhisean Chomhairle Cathrach na Gaillimhe siúl, imeacht ar rothaí, rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn agus a spreagadh.***

# San eagrán seo

- BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath
- Líonra Rothaíochta Bóthar Stiofáin
- Uasghrádú ar Acomhal an Chorráin/Bhóthar na Mara
- Scoil Fhursa
- Scéim Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin
- Salmon Weir Bridge Pedestrian Crossing
- *Rothaíocht i nGaillimh* agus *Léarscáil Páirceála Rothaíochta Cathrach na Gaillimhe*
- Moladh tugtha do Dhroichead an Dóchais ag na Gradaim Ailtireachta

# Fáilte Curtha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh Chinneadh an Choimisiúin Pleanála faoi BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath



Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáilte roimh chinneadh an Choimisiúin Pleanála chun cead pleanála a thabhairt do thionscadal BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath.

Is conair leanúnach phleanáilte é tionscadal BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath d'áiseanna poiblí, coisithe agus rothaíochta ar ardchaighdeán a ritheann feadh fhad Bhóthar R338 Bhaile Átha Cliath. Beidh an bealach 3.9km seo, a shíneann ón taobh thoir d'Acomhal Mhóinín na gCiseach go dtí Acomhal Dhabhach Uisce, in aice le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Ospidéal Bon Secours chomh maith le scoileanna agus áiseanna eile.

Cuirfidh na saoráidí bus nua, a mbeidh lánaí bus tiomnaithe breise sa dá threo agus stadanna bus feabhsaithe mar chuid de, turais níos iontaofa agus níos compordaí ar fáil do chomaitéirí. Trí bhonneagar taistil ghníomhaigh a sholáthar, lena n-áirítear rianta rothar leithscartha agus saoráidí uasghrádaithe do choisithe, beifear in ann na turais a dhéanamh níos sábháilte agus níos compordaí do shiúlóirí agus do rothaithe.

# BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath

**Dúirt Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard**, "Is díol sásaimh é an bonneagar iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta seo, a bhfuil géarghá leis, a fhorbairt i gCathair na Gaillimhe. Freastalaíonn BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath ar roinnt fostóirí móra, institiúidí oideachais agus ceantair chónaitheacha ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Is príomhbhóthar é tríd an gcathair, agus isteach go dtí an chathair, atá ann freisin. Tá sé ríthábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe na cathrach go mbeadh tionscadail cosúil leis seo in ann dul chun cinn i nGaillimh, mar sin fáiltím roimh chinneadh an Choimisiúin Pleanála cead pleanála a thabhairt don tionscadal seo."

**Dúirt Leonard Cleary, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**, "Is tionscadal tosaíochta é BusConnects Gaillimh do Chathair na Gaillimhe, agus is bealach tábhachtach é Bóthar Bhaile Átha Cliath i líonra bonneagair iompair phoiblí na cathrach, bonneagar atá ag fás. Ceanglóidh Bóthar Bhaile Átha Cliath le tionscadail eile atá curtha i gcrích agus atá ar feitheamh lena n-áirítear Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin, Líonra Rothaíochta Bhóthar Dhabhach Uisce Theas agus an tionscadal BusConnects Gaillimh: Nasc Trasna na Cathrach. Ionas go leanfaidh an chathair de bheith ina áit tharraingteach le bheith i do chónaí, le bheith ag obair inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus le hinfheistiú ann, tá córas iompair phoiblí nua-aimseartha ar ardchaighdeán ag teastáil i gCathair na Gaillimhe le háiseanna ar ardchaighdeán do shiúl, rothaíocht agus gluaiseacht ar rothaí. Tá an tionscadal seo ar cheann de na tionscadail a mbeidh tionchar aige ar na roghanna taistil i gCathair na Gaillimhe, agus ní bheifear ag brath chomh mór céanna ar úsáid carranna príobháideacha - agus beidh níos mó daoine ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompar poiblí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Údarás Náisiúnta Iompair as an tacaíocht a thugadar chun an tionscadal seo a bhrú chun cinn."

Mar chuid den chinneadh seo, tá cead pleanála mar aon le toiliú tugtha ag an gCoimisiún Pleanála do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe roinnt áitribh ar feadh an bhealaigh a cheannach go héigeantach.

Is cuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe, atá maoinithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair, an tionscadal seo.

Is féidir tuilleadh a léamh faoi thionscadal BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath ar **https://www.bcgdublinroad.ie/**

# Scéim Rothaíochta Bhóthar Dáileacháin an Iarthair i gCathair na Gaillimhe



Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe (GCC) ag iarraidh an bonneagar siúil agus rothaíochta a fheabhsú ar feadh achair Bhóthar Dáileacháin an Iarthair (WDR). Cuirfear bealach taistil sábháilte agus mealltach ar fáil leis seo, ag freastal ar gach duine a bhíonn ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid deiseanna eile a bhfuil rothaí orthu, lena n-áirítear úsáideoirí leochaileacha bóthair.


Cuirfear lánaí rothaíochta feabhsaithe ar fáil ar an dá thaobh de Bhóthar Dáileacháin an Iarthair mar chuid den tionscadal seo, chomh maith le hobair feabhsaithe sábháilteachta a dhéanamh ar chúig thimpeallán. Cuirfear feabhas ar shábháilteacht, laghdófar an luas a bhíonn ag feithiclí, agus cuirfear leis an líon turas a dhéanfaidh coisithe agus rothaithe sa gceantar leis an obair seo.

Tá an tionscadal seo i gcomhréir le haidhmeanna Straitéis Iompair na Gaillimhe, ina n-aithnítear Bóthar Dáileacháin an Iarthair mar Phríomhbhealach Rothaíochta.

Thug Comhairleoirí Cathrach na Gaillimhe cead pleanála don tionscadal seo i mí Dheireadh Fómhair 2025. Táthar ag tabhairt faoin dearadh mion anois sula dtabharfar faoin dtógáil.

Tá an tionscadal seoá chómhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.

# Scéim Rothaíochta Bhóthar Dáileacháin an Iarthair i gCathair na Gaillimhe




Tá Scéim Rothaíochta Bhóthar Dáileacháin an Iarthair thart ar 2.90km ar fhad. Síneann sí siar ó thimpeallán Bhóthar na Ceapaí ar an taobh is faide thiar den bhealach, ag dul soir trí Chnoc na Cathrach chomh fada le Timpeallán na nDíneach (Timpeallán Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill) a nascann leis an mBóthar Réigiúnach R338. Beidh na nithe seo a leanas i gceist sa scéim:

- Lánaí rothaíochta agus cosáin atá scartha go hiomlán ar an dá thaobh den bhóthar do Naisc 1 agus 2 (ó Thimpeallán Bhóthar na Ceapaí go dtí Timpeallán an Chlaí Bháin)
- Mullaird a chur leis chun lánaí rothaíochta cosanta a chruthú do Naisc 3, 4 agus 5 (ó Thimpeallán an Chlaí Bháin go dtí Timpeallán na nDíneach)
- Uasghrádú ar thimpeallláin atá ann cheana chun áiseanna rothaíochta scartha a chur ar fáil. Nóta - Coinneofar an socrú atá ag Timpeallán Bhóthar na Ceapaí faoi láthair agus déanfar uasghrádú air mar chuid de scéim a bheidh ann amach anseo. Cuirfear áis trasnaithe roinnte thar an taobh theas ar fáil mar chuid den scéim seo.
- Déanfar ceithre thrasrian coisithe agus rothaíochta nua a thógáil, agus déanfar uasghrádú ar dhá thrasrian atá ann cheana.
- Cuirfear áiseanna stadanna bus feabhsaithe ar fáil.
- Beidh athailíniú teoranta ar an gcarrbhealach atá ann cheana i gceist leis an scéim chun an bonneagar rothaíochta nua a éascú.
- Déanfar uasghrádú ar shoilse agus seirbhísí poiblí de réir mar is gá. Cuirfear feabhas ar an tírdhreachú freisin, agus suiteálfar marcálacha agus comharthaí bóthair nua.

# Líonraí Rothaíochta Bhóthar Stiofáin - Tús curtha leis an Obair





Cuirfear tús leis an obair ar an tionscadal seo i mí Mheán Fómhair 2025.  Meastar go mairfidh an obair 12 mhí.

Cuirfear lánaí rothaíochta leanúnacha scartha feadh Bhóthar Stiofáin ar fáil faoin tionscadal seo, agus beidh sé níos sábháilte do choisithe. Ceanglaíonn Bóthar Stiofáin Bóthar Dáileacháin an Iarthair (agus Líonra Rothaíochta Bhóthar Dáileacháin an Iarthair amach anseo) le Bóthar Rathúin. Ceanglóidh an scéim isteach le Páirc Mhiondíola an Gateway, atá aitheanta ina príomh-mhol do Ghréasán Bus athdheartha Chathair na Gaillimhe.

**Cad a chuirfear ar fáil**

- Tógfar bonneagar nua siúil agus rothaíochta feadh fhad iomlán  Bhóthar Stiofáin, is é sin 870m, ó Bhóthar Rathúin go dtí Bóthar Dáileacháin an Iarthair.
- Tógfar cosáin nua agus uasghrádaithe mar chuid den scéim seo.
- Tógfar rianta rothaíochta nua a bheidh deighilte go hiomlán ar an dá thaobh den bhóthar.
- Tógfar ceithre chrosaire coisithe ardaithe nua (séabra), agus coinneofar an crosaire atá ann cheana ag an mbealach chuig timpeallán Bhóthar Dáileacháin an Iarthair.
- Laghdófar leithead an bhóthair de réir na bpleananna ceadaithe.
- Déanfar an soilsiú poiblí atá ann cheana a uasghrádú.
- Cuirfear crainn nua feadh codanna den bhóthar.

Tá sonraí faoin obair atá pleanáilte curtha in iúl ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ag na conraitheoirí ceaptha, Jons Civils Ltd., do chónaitheoirí, do ghnólachtaí agus do pháirtithe leasmhara eile sa gceantar. Cuirfear tuilleadh sonraí faoin tionscadal ar fáil ar **shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe** i rith na tréimhse tógála.

# Uasghrádú ar Acomhal an Chorráin/Bhóthar na Mara



Tá céad ghairdíní báistí riamh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi bhláth anois agus ag cur dathanna áille glé ar fáil sa gcathair. Mar chuid d'Uasghrádú Acomhal an Chorráin/Bhóthar na Mara a críochnaíodh le gairid, a chur Rannóg Taistil Ghníomhaigh na Comhairle i gcrích, suiteáladh dhá ghairdín báistí nua, chomh maith le sraith feabhsuithe sábháilteachta do gach úsáideoir bóithre.

Is cineál nua tírdhreachaithe é gairdín báistí a chabhraíonn le tuilte a chosc agus draenáil a fheabhsú trí uisce báistí a ghabháil agus a ionsú. Suiteáladh an dá ghairdín báistí ag acomhal an Chorráin agus Bhóthar na Mara i limistéir a bhí mar chuid den bhóthar roimhe seo, atá cúngaithe anois.

## Forbhreathnú ar an Tionscadal

- Soláthar táblaí ardaithe ag an mbealach isteach ar Fhaiche an Chorráin agus acomhal An Corrán/Bóthar na Mara.
- Cúngú acomhal Bhóthar na Mara.
- Soláthar cosáin feadh An Chorráin Theas mar nasc idir an stad bus agus an Lárionad Leighis.
- Ionchorprú gairdíní báistí isteach in uasghrádú acomhal An Corrán/Bóthar na Mara mar aon le breis plandaithe.
- Soláthar trasriain coisithe ar Ascaill an Athar Uí Ghríofa díreach siar ón acomhal le Bóthar Phóil.
- Soláthar trasriain coisithe ar an gCorrán, díreach soir ón acomhal le Páirc Phailmíre.
- Soláthar mullard sábháilteachta agus marcáil bóithre ar rochtainí Acaill Sherwood, An Bhóthair Aird agus Bhóthar Mhuire ar Scoil Fhursa.

# Uasghrádú ar Acomhal an Chorráin/Bhóthar na Mara

Tógadh cosáin nua níos leithne sa spás sin chomh maith.  Trí leithead an bhóthair a laghdú, laghdaíodh luasanna tráchta feithiclí agus amanna trasnaithe do shiúlóirí agus do rothaithe, rud a fheabhsaíonn sábháilteacht agus compord an bhóthair.

Mar chuid den scéim sin freisin, tógadh cosán nua ar feadh an Chorráin, ag nascadh Stad Bhus 401 leis an Ionad Leighis.  Roimhe sin, ní raibh aon chosán ar an taobh sin den bhóthar.  Suiteáladh dhá chrosaire nua do choisithe freisin, agus tá oibreacha feabhsuithe sábháilteachta nua curtha i gcrích amach ar aghaidh Scoil Fhursa atá in aice láimhe mar chuid den chlár Bealaí Sábháilte ar Scoil.  Mhair oibreacha an tionscadail thart ar chúig mhí agus cuireadh i gcrích iad i mí Márta na bliana seo.

Tá an tionscadal á mhaoiniú ag Clár Taistil Ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair. Ceapadh John Madden and Sons Ltd. ina bpríomhchonraitheoirí, agus ba Clifton Scannell Emerson Associates (CSEA) a bhí ina n-innealtóirí comhairliúcháin.

Mhínigh **Frank Clancy, Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach ó Rannóg Taistil Ghníomhaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**, na buntáistí a bhaineann leis na gairdíní báistí nua. “Is córas draenála inbhuanaithe sách simplí iad gairdíní báistí atá bunaithe ar an dúlra. Tá siad deartha chun ráta rith chun srutha na báistí ó bhóithre agus ó chosáin isteach i bpíopaí draenála faoi thalamh a laghdú. Trí úsáid a bhaint as plandaí a roghnaíodh go speisialta, is féidir leis an ngairdín báistí uisce breise a sháithiú, gníomhú ina thaitneamhacht dheas amhairc i dtimpeallacht uirbeach, agus an bithéagsúlacht a fheabhsú.

Chuir **Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard** fáilte roimh chur i gcrích na scéime seo. “Cuirtear fáilte roimh na hoibreacha ar an gCorrán agus ar Bhóthar na Mara agus téann siad chun tairbhe do gach úsáideoir bóithre sa gceantar seo. Trí chosán nua, trasnuithe nua agus bearta sábháilteachta feabhsaithe a shuiteáil ag Scoil Fhursa, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag déanamh taisteal gníomhach níos tarraingtí agus níos sábháilte do dhaoine de gach aois. Cuireann na gairdíní báistí nua go mór le luach aeistéitiúil an cheantair mar aon le go leor buntáistí tábhachtacha agus praiticiúla a chur ar fáil ag an am céanna. Táim ag súil le tacú le rolladh amach tuilleadh tionscadal dá leithéid sna blianta atá ag teacht.”

Is féidir físeán den obair atá críochnaithe a fháil ar **<u>Leathanach Instagram Chomhairle Cathrach na Gaillimhe</u>.**

# Uasghrádú ar Acomhal an Chorráin/Bhóthar na Mara






*Grianghraif den obair atá críochnaithe ar acomhal an Chorráin / Bhóthar na Mara*



*Tá **oibreacha feabhsuithe sábháilteachta curtha i gcrích freisin faoin tionscadal seo ag Scoil Fhursa**, mar chuid den Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile. Tá mullaird shábháilte nua agus marcanna bóthair nua curtha i bhfeidhm anseo.*

# Scéim Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin



Tá an obair ar Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin ag dul ar aghaidh go maith.

Cuirfear thart ar 2.4km de chosáin agus lánaí rothaíochta nua atá scartha go hiomlán ar fáil feadh Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin, ceantar ina bhfuil Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus saoráidí tráchtála, tionsclaíocha agus pobail eile. Freastalóidh an scéim freisin ar phobal mór cónaitheoirí atá ina gcónaí i gcomharsanacht Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin araon.

Ina theannta sin, déanfar uasghrádú ar 19 acomhal aonair le trasrianta ardaithe agus cosáin trasnaithe rothaíochta díreach tríd chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí rothaithe. Rachaidh an scéim chun tairbhe do shiúlóirí agus do rothaithe chomh maith trí acomhail a bhfuil comharthaí orthu agus 13 trasrian coisithe a thabhairt isteach. Tá 15 stad bus á dtógáil chomh maith.

Tá an tionscadal seo á chur i gcrích ag Rannóg Taistil Ghníomhaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá AtkinsRéalis ceaptha ina n-innealtóirí comhairliúcháin. Tá sé cómhaoinithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.

Cuireadh tús leis an obair i mí Feabhra 2025 agus tá sé beartaithe go mbeidh sí curtha i gcrích den chuid is mó i R4 2026

# Trasnú Coisithe – Droichead Cora Bradán




Cuirfear tús leis an obair thógála sna seachtainí amach romhainn ar an trasrian coisithe comharthaithe nua ar Dhroichead na mBradán.

Bhí an tionscadal, atá faoi stiúir na Rannóige Taistil Ghníomhaigh, ina ábhar do phróiseas tairisceana iomaíoch faoinar cuireadh ar ár gcumas conraitheoir rathúil a cheapadh.

Tá an tionscadal fós ag dul ar aghaidh de réir an sceidil chun tús a chur leis an obair i mí Dheireadh Fómhair. Cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe na pleananna don obair seo in iúl don phobal nuair a bheidh na sonraí dheimhnithe.

Tógfar an trasrian seo ó R4 in 2025, agus cuirfear tuilleadh sonraí faoin tionscadal ar fáil ar **shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe** nuair a bheidh siad againn

# Rothaíocht i nGaillimh - Leathanach Gréasáin nua




Tá leathanach gréasáin nua curtha i dtoll a chéile ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun cuidiú leis an bpobal a bhíonn ag rothaíocht i nGaillimh.

Áirítear mapa nuafhorbartha idirghníomhach ar an leathanach ar a dtaispeántar áiteanna páirceála atá ar fáil do rothair (gabháil scáileáin thuas). Tá na háiteanna páirceála saor in aisce atá ar fáil d'os cionn 1,600 rothar ar fud na cathrach marcáilte ar an mapa. Taispeántar áiteanna ónar féidir rothair TFI a fháil ar cíos ar an mapa freisin, chomh maith leis na háiteanna ina bhfuil seastáin deisithe rothar ar fud na Gaillimhe. Cliceáil ar an nasc seo chun an mapa le haghaidh páirceáil do rothair a fháil.

Cuirtear comhairle ar fáil ar an leathanach gréasáin Rothaíocht i nGaillimh freisin maidir le rothair a dheisiú agus aire a thabhairt dóibh, faoi na buntáistí a bhaineann le bheith ag rothaíocht, faoi rothair a choinneáil slán agus faoin mbonneagar rothaíochta atá ar fáil ar fud na cathrach. Déanfar an leathanach a choinneáil cothrom le dáta de réir mar a bheifear ag forbairt seirbhísí agus áiseanna eile ar fud na cathrach sa tréimhse atá amach romhainn.

Is féidir teacht ar na hacmhainní nua ar leathanach Taistil Ghníomhaigh shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.


# Moladh tugtha do Dhroichead an Dóchais ag na Gradaim Ailtireachta



Droichead an Dóchais molta ag na gradaim ailtireachta is mó in Éirinn. Tugadh ardmholadh don droichead sa gCatagóir Dearaidh Uirbigh ag Gradaim Ailtireachta Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) na bliana 2025.

Is é seo an gradam molta is déanaí atá faighte ag Droichead an Dóchais, a bhfuil aitheantas faighte aige anseo sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Is teistiméireacht é an gradam ar obair na ndaoine ar fad a chuir an tionscadal i gcrích thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, lena n-áirítear an Príomhailtire Seán Harrington, agus John McLaughlin Architects, a d'oibrigh ar an gcéim i ndiaidh na pleanála. Bhí róil thábhachtacha ag foireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, na cuideachtaí comhairleacha Arup agus AtkinsRéalis, na príomhchonraitheoirí Jons Civil Engineering agus na hoibrithe cruach Thompson of Carlow, leis an droichead a chur i gcrích roimh an sprioc i mí Bealtaine 2023.

An Roinn Iompair a mhaoinigh an fhorbairt seo faoi Chlár Taistil Ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa; comhaoiníodh é faoi Chlár Oibríochta Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair, agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair a bhí i mbun riartha.



**Go raibh maith agaibh as é seo a léamh. Bíonn fáilte i gcónaí roimh aiseolas agus ceisteanna.**


**ActiveTravel@GalwayCity.ie**

**091 536400**


Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority